



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

FOINSÍ

1. PICTIÚIR

PICTIÚR A.



[www.anthropology](http://www.anthropology-resources.net) - resources.net



PICTIÚR B1

<http://www.turas.ie>



PICTIÚR B2

www.sacredsites.com



PICTIÚR C
www.gutenberg.org

2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1.

“Fear thart ar dhaichead bliain d’aois a bhí san Inceach, é ar mheánairde agus roinnt bolgaí ar a aghaidh. D’iompair sé é féin ar bhealach géar fearúil. Chaith sé léine de dhamasc gorm agus clóca d’éadach an-mhín. Is éard a bhí sa bhia ná min bhuí, prátaí, pónairí beaga agus táirgí eile de chuid na tíre, ach amháin go raibh fíorbheagán feola ann. Fiafheoil, feoil na héanlaithe, macánna, agus moncailthe a bhí sa bheagán feola a bhí ann, idir bhruite agus rósta.

Ar an 25 Bealtaine tháinig duine dá chuid ginearál in éineacht le 300 fear, iad armtha le sleánna, agus tháinig siad isteach san ionad oscailte ina raibh an chuid eile ina ranganna, agus d’umhlaigh sé don ghrian agus don Inceach. Ansin chuaigh céad captaen díobh siúd a tháinig as Vilcapampa go dtí an áit a raibh Yamqui Mayta (an Gobharnóir Inceach) ina sheasamh agus d’fhiafraigh cén fáth ar thoiligh sé leis an gcros a chur ina dtír, os rud é nach raibh sé in airde in aimsir Manco Inca. Cén fáth mar sin a raibh sí ann anois? Dá mba rud é gur mise a d’áitigh ar an Inceach é sin a dhéanamh, go raibh rún acu mé a mharú. D’fhreagair an tInceach gur i ngeall ar ordú uaidh a rinneadh é, agus gurbh fhearr dóibh glacadh le cros chruthaitheoir an uile ní. Tar éis dóibh an freagra sin a fháil chuaigh siad go dtí a suíochán agus lean an fhéile ar aghaidh.”

Foinse: Hiram Bingham, *The Lost City of the Incas* (Phoenix, London 2003), lgh 87-90

DOICIMÉAD 2.

22 Samhain, 1922

Ba í Tuaim an sprioc arís do ruathar na bPoblachtach. Thart ar 8 a chlog oíche aréir mháirseáil siad ar nós cuma liom tríd an mbaile. Chuaigh cuid díobh go dtí teach na mbocht agus níorbh fhada gur tosaíodh ag scaoileadh meaisínghunnaí agus raidhfíli ar an bhfoirgneamh agus thug an garastún freagra air.

Nuair a mheas na hionsaitheoirí go raibh na trúpaí loctha acu, thosaigh siad ar a ngnáth-*modus operandi* (bealach oibre) de sholáthairtí a ghabháil ó roinnt siopaí sa bhaile. Ba é an ghabháil neamhghnách ar an ócáid seo ná a trí nó a ceathair de mhótarcharrnna ó gharáistí áitiúla chomh maith le dhá rothar ón mbeairic. Rinne roinnt eile de na páirtithe iarracht cábán na gcomharthaí sa stáisiún a dhó ach ní rachadh sé trí thine. Agus iad ag cúlú, ghearr siad anuas roinnt crann sa phlandáil ag bun bhóthar na Gaillimhe chun bac a chur ar an tóraíocht.

Oíche na faoistine a bhí ann don Chéad Aoine agus sáinníodh a lán daoine sa bhaile ó cheantar bhóthar na Gaillimhe ach maolaíodh ar a bhfaitíos nuair a tháinig na hAithreacha Walsh, King agus Moane ina dteannta trí chrios na contúirte. Ní mór an fhírinne a rá gur caitheadh go han-bhéasach leis na daoine a bhí i gceist agus gur cabhraíodh leo na constaicí a shárú.

Sheas an gnó breis agus uair an chloig agus nuair a d’fhág na hionróirí, tháinig an gnáthshuan (codladh) ar an mbaile uile.

Ón ruaig tógadh earraí dar luach £29 ó Mhuintir Canny, Sráid an Easpaig, £28 ó Thigh O’Malley, an tSráid Ard, ar a n-áirítear cótaí trinse, dhá leathchliathán bagúin dar luach £7.18 ó M.S Walsh & Sons, an tSráid Ard, Pat McHugh, An Chearnóg, Tobacadóir: Toit., dar luach £17.18, T. Waldron, an tSráid Ard, earraí £4-17-6.

Foinse: Ó Gadhra, Nollaig, *Civil War in Connacht* (Mercier Press, BÁC 1999), lgh 55-56